—1994—

Traidisiúin an Léinn agus Léamh an Traidisiúin

Angela Bourke
(Cathaoirleach: Cathal Goan)

1. Dubhghlas de hÍde agus W.B. Yeats

Sa bhliain 1893, an bhliain chéanna ar bunaíodh Conradh na Gaeilge, foilsíodh dhá leabhar thábhachtacha maidir le traidisiún na hÉireann: *Abhráin Grádh Chúige Connacht* le Dubhghlas de hÍde agus *The Celtic Twilight* leis an bhfile William Butler Yeats. Caitheann de hÍde ceithre leathanach déag dá leabhar ar an amhrán 'Úna Bhán':

> …ní mheasaim go bhfuil aon amhrán grá níos leathnaithe ar fud na tíre agus níos coitianta i mbéal na seandaoine ná an dán a rinne Tomás Láidir Coisdeala …os cionn an chailín mhí-ádhúil sciamhaigh .i. Úna Nic Dhiarmada dá dtug sé grá.[1]

Tugann de hÍde focail an amhráin, agus an scéal fada, nó 'an t-údar' a bhí leis: an cháil a bhí ar an gCoisdealbhach, an chaoi a bhfuair Úna bás le grá dó, agus ar cuireadh in oileán i lár Loch Cé í. Carraig Mhic Dhiarmada a thugtar ar an oileán sin sa Ghaeilge, Castle Rock i mBéarla, agus é le feiceáil go soiléir ó bhruach na locha, mar tá Páirc Foraoise in aice Loch Cé sa lá atá inniu ann, agus cead againn ar fad siúl thart air. Deir de hÍde go ndeachaigh sé féin chomh fada le bruach na locha tamall sular scríobh sé faoin amhrán, agus go bhfaca sé an t-oileán. Bhí sé sa seanchas go raibh Tomás Láidir Mac Coisdeala curtha in éineacht le hÚna ann, agus dhá chrann fásta as an dá uaigh, a bhí snadhmtha le chéile ina mbarr, mar a bhíonn i gcuid de na seanamhráin. Níor éirigh le de hÍde na crainn a dhéanamh

amach, 'ach,' a deir sé, 'ní rabhas ar an oileán.' Tá seans ann go raibh Yeats i gcuideachta de hÍde, an turas a thug sé ar Loch Cé, mar deir an file ina chuid *Memoirs* gurb é de hÍde a thaispeáin an t-oileán dó, rud a chuaigh i bhfeidhm go mór air; ach is suntasach chomh difriúil is atá a chuntas seisean. Chuimhnigh Yeats ar an bpointe, a deir sé, ar *Eleusis* nó *Samothrace* Éireannach a thógáil ann. Ba é a bhí ar intinn aige a bhunú, 'a ritual system of evocation and meditation—to reunite the perception of the spirit, of the divine, with natural beauty'. Deir sé:

> I meant to initiate young men and women in this worship, which would unite the radical truths of Christianity to those of a more ancient world, and to use the Castle Rock for their occasional retirement from the world.[2]

Áit taobh amuigh den domhan—'retirement from the world'—a bheadh i gCarraig Mhic Dhiarmada do Yeats, ach ba é a bhí ann do de hÍde, cuid den domhan réalaíoch, a bhféadfaí teagmháil seanchais agus amhránaíochta agus cuimhne a dhéanamh leis, chomh maith le teagmháil fhisiciúil. Leathanach scríofa a bhí san oileán seo do de hÍde: mar a bheadh páipéar a bhí breac ó bhun go barr le scéalta agus le filíocht na muintire, ach ba é a bhí ann do Yeats, páipéar bán—*tabula rasa*, nó *carte blanche*—a bhféadfadh sé féin dul ag scríobh air. Scríobh Yeats léirmheas molta ar leabhar de hÍde, ach níor bhronn sé gradam na hardfhilíochta ar a raibh ann:

> The men and women who made these love songs were hardly in any sense conscious literary artists; but *merely* people very desperately in love who put their hopes and fears into *simple* and musical words, or went over and over *for their own pleasure* the deeds of kindness or the good looks of their sweetheart.[3] (Uaimse an bhéim)

Dar leis freisin go mbeadh tuiscint ní b'fhearr ag léitheoirí oilte an Bhéarla ar áilleacht na n-amhrán seo ná mar a bhí ag na daoine a rinne iad.

Bhí scéal truamhéalach Úna Bháin ar eolas ag Yeats, ach b'fhearr leis é a insint amach as a intinn féin, neamhspleách ar sheanchas áiteanna nó ar thraidisiún beo, agus sin é a rinne sé ina leabhar féin, *The Secret Rose* (1897). D'inis sé an scéal, gan aon tagairt a dhéanamh don amhrán, agus thug na logainmneacha i nGaeilge nó i Laidin—ar mhaithe len iad a dhéanamh chomh haduain agus chomh diamhrach agus ab fhéidir, dá chuid léitheoirí Béarla, is cosúil.[4] Comhairle a chuir sé féin agus Lady Gregory ar John Synge, léiríonn sí an bhearna leathan a bhraith sé idir ábhar traidisiúnta na hÉireann agus an saol réadúil. Bhí a shaothar próis, *The Aran Islands*, díreach críochnaithe ag Synge, ach mhol an bheirt eile go mb'fhearr dó ainmneacha na n-oileán a fhágáil amach: dar leo go mb'éifeachtaí an leabhar dá mbeadh cuma na brionglóide air: 'to make it dreamier', a deir an Béarla.[5]